



Beartas teanga an Ombudsman Eorpaigh

Page content - 15/10/2015

Tá an tOmbudsman Eorpach lántiomanta do phrionsabal an ilteangachais de thairbhe go bhfuil éagsúlacht chultúrtha agus theangeolaíoch ceann de mhórbhuanna an Aontais Eorpaigh. Tá an tOmbudsman ag feidhmiú mar nasc idir pobal na hEorpa agus an AE d'fhonn a chinntiú go leanann institiúidí an AE ag cloí leis na caighdeáin is airde eiticíúla, riaracháin agus trédhearcachta. Tá sé ríthábhachtach cumarsáid a dhéanamh le saoránaigh ina dteanga féin lena chinntiú go bhfuil an AE níos inrochtana agus níos cuntasai, gnéithe atá riachtanach lena chinntiú go mbeidh rath ar chóras daonlathach an AE.

Déanann an tOmbudsman Eorpach iarracht cothromaíocht phragmatach a chinntiú idir prionsabal an ilteangachais agus a dualgas lena cuid acmhainní teoranta a úsáid ar an mbealach is éifeachtaí. Nuair a bhíonn údar maith leis, féadfaidh an tOmbudsman cinneadh a dhéanamh doiciméid áirithe a fhoilsiú i líon teoranta teangacha.

Tá míniú san fhorbhreathnú seo a leanas ar réasúnaíocht roghanna teanga an Ombudsman maidir leis na cumarsáidí agus na foilseacháin is tábhachtaí atá aici.

Cumarsáid le gearánaigh agus leis an bpobal

Tá ceart ag gach saoránach nó cónaitheoir an AE aon cheann de na 24 theanga oifigiúil a úsáid agus comhfhreagras á dhéanamh le hinstiúidí an AE, institiúidí a bhfuil dualgas orthu an comhfhreagras a fhreagairt sa teanga chéanna. Baineann an prionsabal seo le teagmhálacha leis an Ombudsman Eorpach freisin. Féadfar gach gearán, gach iarratas ar fhaisnéis agus aon iarratas eile a sheoladh i gceann ar bith de theangacha oifigiúla an AE, agus eiseofar an freagra sa teanga sin.

Tá leagan de láithreán gréasáin an Ombudsman ar fáil i 24 teanga an AE, lena n-áirítear leagan leictreonach den fhoirm gearán agus den treoirleabhar idirghníomhach, rud a chabhraíonn le húsáideoirí an mheicníocht chuí fadhbréitigh ag leibhéal an AE nó sna Ballstáit a aimsiú. Sa chás nach bhfuil gearánach sásta leis na seirbhísí atá á gcur ar fáil ag an Ombudsman, féadfaidh sé nó sí comhairle a fháil i gcibé teanga AE is mian leis/léi.

Tá príomhfhoilseacháin an Ombudsman, amhail an Tuarascáil Bhliantúil, an bróisiúr seirbhíse "Who can help you?", agus treoirlínte an Ombudsman do ghnóthaí ar fáil i 24 teanga an AE. Is amhlaidh atá an scéal maidir leis an Ombudsman Eorpach reatha, Emily O'Reilly, mar aon lena réamhthéachtaithe. Tá an Cód Eorpach um Dhea-Iompraíocht Riaracháin le fáil i 24 teanga an AE agus i dteangacha na dtíortha AE is iarrthóir.

Obair a bhaineann le cásanna

Glacann agus déileálann an tOmbudsman le gearáin i ngach teanga oifigiúil an AE. Foilsítear formhór na n-imscrúduithe a dhéanann sí, seachas na himscrúduithe a ndéileáiltear leo ar bhonn neamhfhoirmiúil (ar an teileafón mar shampla), ar a láithreán gréasáin. Tá an beartas



teanga le haghaidh na ndoiciméad éagsúil a bhaineann le cásanna mar seo a leanas:

- Foilsítear moltaí agus cinntí i dteanga an ghearánaigh agus i mBéarla.
- Foilsítear achoimrí cásanna a bhfuil spéis ag an bpobal trí chéile iontu sna 24 teanga go léir.
- Foilsítear Tuarascálacha Speisialta i 24 teanga an AE.
- Foilsítear imscrúduithe féintionscnaimh i mBéarla, mar aon le hachóimrí i dteangacha uile an AE.
- Tá faisnéis ghonta maidir le cásanna oscailte ar fáil trí Bhéarla.
- Foilsítear comhairliúcháin phoiblí i 24 teanga an AE. Nuair a bhíonn údar maith leis, áfach, féadfaidh an tOmbudsman aiseolas a lorg ó phobail spriocdhírthe i líon teoranta teangacha AE.
- Tá staidéir leantacha ar fáil i 24 teanga an AE.

Doiciméid straitéiseacha agus eagraíochtúla

Tá formhór de dhoiciméid straitéiseacha agus eagraíochtúla an Ombudsman, cosúil lena reacht, straitéis, clár poiblí, agus a Cód Iompair le fáil i dteangacha uile an AE. Tá an rud céanna fíor faoina fógraí maidir le tairiscintí poiblí. Tá a plean bainistíochta bliantúla nó doiciméid straitéiseacha eile níos sonraí le fáil i líon teoranta teangacha AE.

Gníomhaíochtaí na meán agus na meán shóisialta

Cuireann an tOmbudsman eolas maidir lena himscrúduithe agus nuacht eile in iúl d'iriseoirí ar bhonn rialta. Ós rud é gur comhfhreagaithe AE atá lonnaithe sa Bhruiséil iad formhór na n-iriseoirí ábhartha a dteastaíonn eolas tráthúil uathu agus ar gnách leo Béarla, Gearmáinis nó Fraincis a bheith ar a dtoil acu, is sna teangacha sin amháin a fhoilsíonn sí a preaseisiúintí. Sa chás go mbíonn brú ama i gceist, d'fhéadfadh an tOmbudsman cinneadh a dhéanamh preaseisiúintí a eisiúint i mBéarla amháin.

Tá níos mó úsáide á baint ag an Ombudsman as na meáin shóisialta le dul i dteagmháil leis an bpobal. Is i mBéarla, trí réamhshocrú, a bhíonn formhór an ábhair a fhoilsítear ar na meáin shóisialta mar gheall ar an spriocghrúpa idirnáisiúnta atá i gceist. Chomh maith leis sin, foilsíonn sí preaseisiúintí, faisnéis faoi chruinnithe agus imeachtaí agus nuacht eile trí Bhéarla, Gearmáinis agus Fraincis. Bíonn foilseacháin agus físeáin an Ombudsman ar fáil ar chainéil dhifriúla na meán sóisialta i 24 teanga oifigiúil an AE.

Cumarsáid le Líonra Eorpach na nOmbudsman

Comhordaíonn an tOmbudsman Eorpach Líonra Eorpach na nOmbudsman, rud a bhfuil breis is 95 oifig i 36 tír Eorpach páirteach ann. Casann comhaltaí an Líonra le chéile go rialta chun taithí agus dea-chleachtais a roinnt trí sheimineáir agus cruinnithe, nuachtlitir, fóram leictreonach díospóireachta agus seirbhís leictreonach laethúil nuachta. Tá faisnéis faoin Líonra mar aon le comhráiteas ar fáil in 24 teanga an AE. Is iad na teangacha a úsáidtear laistigh den Líonra Spáinnis, Gearmáinis, Béarla, Fraincis, agus Iodáilis.

Cumarsáid inmheánach agus earcaíocht

Tá foireann ilchultúrtha ag obair leis an Ombudsman agus tá raon leathan teangacha oifigiúla AE ar a dtoil acu. Nuair is féidir, déileálann ball foirne, a bhfuil an mháthairtheanga chéanna acu is atá ag an iarratasóir nó a coibhéis, le cásanna, iarratais ar fhaisnéis nó glaonna teileafóin. Murar féidir teanga a chlúdach go himmheánach, úsáideann an tOmbudsman seirbhísí aistriúcháin seachtracha.

Is iad Béarla agus Fraincis na príomhtheangacha inmheánacha oibre. Bíonn faisnéis maidir le



deiseanna fostaíochta in oifig an Ombudsman le fáil i dteangacha uile an AE. Is i mBéarla den chuid is mó, áfach, a fhoilsítear glaonna sonracha ar iarratais, ós rud é gur réamhchoinníoll d'fhormhór phoist an Ombudsman é ardleibhéal Béarla.